AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2026
COM(2026) 155 final

2026/0197 (BUD)

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2026/001 BE/Cora

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1].
2. An 25 Márta 2026, thíolaic an Bheilg iarratas CED EGF/2026/001 BE/Cora ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, tar éis iomarcaíochtaí in Cora SA agus i soláthróir agus táirgeoir iartheachtach amháin sa Bheilg.
3. Iar mheasúnú an iarratais sin don Choimisiún, ba é a chinn sé, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán (AE) 2021/691, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

### ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2026/001 BE/Cora |
| Ballstát | an Bheilg |
| Na réigiúin is mó lena mbaineann (leibhéal 2 NUTS[2]) | Région de Bruxelles-Capitale/ Brussels Hoofdstedelijk Gewest (BE10),<br>Province Hainaut (BE32),<br>Province Liège (BE33),<br>Province Luxembourg (BE34). |
| An dáta a tíolacadh an t-iarratas | 25 Márta 2026 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | 13 Aibreán 2026 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | 13 Aibreán 2026 |
| An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar | 5 Bealtaine 2026 |
| An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích | 17 Iúil 2026 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691 |
| Príomhfhiontar | Cora SA |
| Earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche (rannán Athbhreithniú 2 NACE)[3] | Rannán 47 (Trádáil mhiondíola, seachas mótarfheithiclí agus gluaisrothair)[4], agus |

---

1 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

2 Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1-56.

3 IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

| | |
|---|---|
| | Rannán 49 (Iompar ar talamh agus iompar trí phíblínte) |
| An líon fochuideachtaí, soláthróirí agus táirgeoirí iartheachtacha | 1 |
| An tréimhse thagartha (4 mhí): | 1 Meán Fómhair 2025 – 1 Eanáir 2026 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 662 |
| An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (*b*) | 595 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*) | 1 257 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 1 257 |
| An líon iomlán tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu | 1 010 |
| An buiséad le haghaidh seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 4 441 774 |
| An buiséad chun CED[5] a chur chun feidhme (EUR) | 54 062 |
| An buiséad iomlán (EUR) | 4 495 836 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR) | 3 821 460 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 25 Márta 2026, thíolaic an Bheilg an t-iarratas EGF/2026/001 BE/Cora laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas agus, an 13 Aibreán 2026, d'iarr sé faisnéis bhreise ar an mBeilg. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An sprioc-am 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar chomhlíontacht an iarratais leis na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, rachaidh an sprioc-am sin in éag an 17 Iúil 2026.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 662 oibrí a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Cora SA, agus le ceann dá soláthróirí. Bhí an príomhfhiontar ag oibriú san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 47 Athbhreithniú 2 NACE (Trádáil mhiondíola, seachas mótarfheithiclí agus gluaisrothair). Tá na hiomarcaíochtaí a rinne Cora agus a sholáthróir lonnaithe go príomha i réigiún NUTS 2 Province Hainaut (BE32).

| Na fiontair agus an líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha | | | |
|---|---|---|---|
| Cora | 621 | STEF Logistics Courcelles | 41 |

[4] Is í an earnáil miondíola an earnáil gníomhaíochta eacnamaíche le haghaidh Cora, agus is é iompar ar talamh earnáil gníomhaíochta eacnamaíche a sholáthróra.

[5] I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

| Na fiontair agus an líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha | | |
|---|---|---|
| **An líon iomlán fiontar: 2** | **An líon iomlán iomarcaíochtaí:** | **662** |
| **An líon iomlán oibrithe incháilithe:** | | **662** |

*Na critéir idirghabhála*

6. Thíolaic an Bheilg an t-iarratas faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear go dtarlódh scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena áirítear oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht i soláthróirí agus i dtáirgeoirí iartheachtacha.

7. Maireann an tréimhse thagartha 4 mhí le haghaidh an iarratais ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 1 Eanáir 2026.

8. Bhí 662 iomarcaíocht ann le linn na tréimhse tagartha.

*Na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh*

9. De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 5, an chéad mhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/691, ríomhadh an líon oibrithe a ndearna an iomarcaíocht difear dóibh le linn na tréimhse tagartha ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha fostaíochta nó ó dháta a éaga.

*Tairbhithe incháilithe*

10. Sa bhreis ar na 662 oibrí a ndearnadh tagairt dóibh cheana, áirítear leis na tairbhithe incháilithe 595 oibrí iomarcacha ar tháinig deireadh lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha 4 mhí nó dá héis. Na hoibrithe sin uile, tháinig deireadh lena ngníomhaíocht laistigh de 6 mhí roimh thús na tréimhse tagartha an 1 Meán Fómhair 2025 agus/nó idir deireadh na tréimhse tagartha agus an lá roimh ghlacadh an togra seo, de bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, an dara mír, de Rialachán (AE) 2021/691. Is féidir nasc cúisíoch soiléir a dhéanamh leis an teagmhas lenar tionscnaíodh scor gníomhaíochta na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, an dara mír, de Rialachán (AE) 2021/691.

11. Is é 1 257 n-oibrí an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta*

12. Tá dúshláin nach beag roimh shamhail an hipearmhargaidh faoi láthair. Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar nósanna tomhaltóirí—is mó is fearr le daoine babhtanna siopadóireachta gearra áisiúla anois—tá laghdú tagtha ar an ngá le dul chuig siopaí móra. Ina theannta sin, tá méadú ar an iomaíochas ó fhormáidí nua miondíola: tá sciar den mhargadh á ghnóthú ag ollmhargaí comharsanachta agus siopaí speisialtachta amhail miondíoltóirí táirgí orgánacha agus táirgí *gourmet*. Thairis sin, tá costas oibriúcháin níos airde ag baint le samhail an hipearmhargaidh i gcomparáid le formáidí níos lú nó formáidí siopa dhigitigh, agus tá brú ar an mbrabúsacht dá bharr sin.

13. Chun oiriúnú do na hathruithe margaidh sin agus chun a staid airgeadais a fheabhsú, chuir Cora roinnt tionscnamh chun feidhme, amhail roinnt pleananna téarnaimh (a tugadh isteach in 2014, 2017 agus 2023), athchaipitlithe dar luach beagnach

EUR 112 mhilliún san iomlán ó bhí 2020 ann, agus comhar tráchtála straitéiseach le Carrefour agus Intermarché.

14. Mar gheall ar mhéadú ar an mboilsciú, bhí brú ar chostais oibriúcháin. Ó bhí 2021 ann, tá deich mhéadú innéacsnasctha as a chéile tagtha ar chostais phá in aghaidh na huaire, arb é atá iontu méadú carnach os cionn 20 %. In 2024, thuairiscigh Cora caillteanas EUR 34 mhilliún agus laghdú 6,1 % ar ioncam. Le linn na tréimhse 2020-2024, tháinig laghdú EUR 16,1 milliún ar ollchorrlach Cora, agus thit an EBITDA[6] ó EUR -3,7 milliún go EUR -22,5 milliún, rud a d'fhág go raibh glanchaillteanas carnach EUR 123 mhilliún ann[7].

15. D'ainneoin a iarrachtaí, níor éirigh le Cora feabhas a chur ar a staid airgeadais. Dá bhrí sin, tionscain an fiontar babhtaí as a chéile d'iomarcaíochtaí comhchoiteanna ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh, trí dheireadh a chur le hoibríochtaí de réir a chéile.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht*

16. Is mórshuaitheadh sóisialta le haghaidh na Vallúine iad na hiomarcaíochtaí a rinne Cora, toisc go bhfuil siad ag tarlú i margadh saothair atá lagaithe cheana féin de dheasca teagmhais athstruchtúrúcháin eile amhail TNT-FedEx[8], Makro[9] nó Liberty[10], teagmhais a ndearna an Bheilg iarratas ar thacaíocht CED ina leith freisin.

17. Is é 6,4 % an ráta dífhostaíochta sa Bheilg[11], ar ráta é atá beagán os cionn mheánráta an Aontais (5,8 %)[12]. Is é 8,3 % an ráta dífhostaíochta sa Vallúin[13], áfach, ar ráta é atá thart ar 2 phointe céatadáin níos airde ná an ráta náisiúnta.

18. Cuireann an Bheilg i dtábhacht, agus sonraí ó Statbel á lua aici, go bhfuil tionchar mór ag aois agus ag gnóthachtáil oideachais araon ar na rátaí dífhostaíochta sa Vallúin, agus go bhfuil bearnaí idir 23 agus 30 pointe céatadáin idir leibhéil cáilíochta as a chéile. I measc daoine fásta san aois oibre, níl sa ráta dífhostaíochta ach 31 %, ar éigean, dóibh siúd ag a bhfuil gnóthachtáil oideachais íseal, i gcomparáid le 61 % dóibh siúd ag a bhfuil cáilíochtaí idirmheánacha agus 84 % dóibh siúd ag a bhfuil gnóthachtáil ard oideachais[14]. Ar an gcaoi chéanna, cé gurb é 77 % an ráta fostaíochta don aoisghrúpa 25–49, tá laghdú 16 phointe céatadáin ar an ráta sin i gcás daoine in aois 50 agus os a chionn[15].

19. Bhí dhá shiopa ag Cora sa Bhruiséil[16] agus cúig cinn sa Vallúin. Is le cúige Hainaut na Vallúine is mó a bhaineann na hiomarcaíochtaí, áit a maireann beirt as triúr díobh siúd a rinneadh iomarcach, agus go háirithe cathair Charleroi, ina raibh seirbhísí ginearálta Cora lonnaithe freisin.

20. Is margadh saothair faoi mhíbhuntáiste atá in Hainaut. I mí na Nollaig 2025, ba é 17,6 % ráta na gcuardaitheoirí poist dífhostaithe cláraithe in Hainaut (+1,5 pointe

[6] Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh.
[7] Faisnéis arna roinnt ag Cora i gComhairle na nOibreacha Urghnácha, a tionóladh an 8 Aibreán 2025.
[8] COM(2023) 69
[9] COM(2023) 470
[10] COM(2026) 4
[11] Eurostat. Dífhostaíocht arna coigeartú go séasúrach. Eanáir 2026.
[12] Eurostat. Ráta dífhostaíochta an Aontais. Eanáir 2026.
[13] Statbel. Ráta dífhostaíochta R4 2025.
[14] Statbel (Fostaíocht agus dífhostaíocht). 2025).
[15] Statbel (Fostaíocht agus dífhostaíocht. 2025).
[16] Région de Bruxelles-Capitale/Brussels Hoofdstedelijk Gewest

céatadáin bliain ar bhliain)[17]. Is in Hainaut atá 41 % de chuardaitheoirí poist na Vallúine lonnaithe, agus tá an dífhostaíocht fhadtéarmach forleathan: tá 68 % de na cuardaitheoirí poist cláraithe dífhostaithe le 12 mhí anuas nó níos mó. Beagnach beirt as gach triúr cuardaitheoirí poist fadtéarmacha, tá an dara nó an tríú timthriall den mheánscoil acu[18]. A mhéid a bhaineann lena n-aois, is é an t-aoisghrúpa 15-29 mbliana d'aois an líon is mó cuardaitheoirí poist (30 %), agus ina dhiaidh sin, an t-aoisghrúpa os cionn 50 bliain d'aois (26 %)[19].

21. Is é oideachas meánscoile sinsearach nó níos ísle an ghnóthachtáil oideachais atá ag ochtar as deichniúr oibrithe a rinneadh iomarcach. Maidir le haois, tá leath díobh in aois 50 nó níos sine. Dá bhrí sin, chun a n-aistriú isteach i bhfostaíocht nua a éascú, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh tacaíocht shaincheaptha threisithe ar fáil maidir le socrúchán oibre seachtrach agus treoir ghairme, mar aon le deiseanna chun uas-sciliú agus athsciliú.

22. Tá an Bheilg ag déanamh iarratas ar chómhaoiniú CED chun tacú le hiar-oibrithe Cora a bhfuil cónaí orthu sa Vallúin, agus sa chúige sin amháin. Ós rud é go bhfuil líon sách beag oibrithe sa Bhruiséil atá thíos leis na hiomarcaíochtaí, measann na húdaráis réigiúnacha gur féidir leis na seirbhísí poiblí fostaíochta tacaíocht leormhaith a sholáthar gan an gá a bheith ann le hacmhainní breise.

**Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú**

23. Thug an Bheilg tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú.

24. Chomhlíon Cora dlí na Beilge maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, lena mbunaítear nós imeachta sainordaitheach maidir le hionadaithe na n-oibrithe a chur ar an eolas agus maidir le dul i gcomhairle leo. Leis an nós imeachta is féidir féachaint an bhfuil aon bhealach a bhféadfaí iomarcaíochtaí a sheachaint nó an líon iomarcaíochtaí a laghdú. Déantar iarracht leis freisin na hiarmhairtí a bhaineann le caillteanas post a mhaolú trí bhearta sóisialta comhlántacha, amhail tacaíocht chun oibrithe iomarcacha a ath-imlonnú nó a chur faoi oiliúint arís. De thairbhe na caibidlíochta, bhíothas in ann buiséad sonrach EUR 1 898 000 a fháil chun costais athoiliúna a chumhdach.

25. Maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar chun cuidiú le hoibrithe iomarcacha, tá sé tuairiscithe ag an mBeilg go ndéantar, faoin dlí saothair náisiúnta[20] maidir le bainistiú gníomhach an athstruchtúrúcháin, é a chur de cheangal ar fhiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh acu aonad fostaíochta a bhunú (*cellule pour l'emploi)*[21], arb é is cuspóir dó 30 uair an chloig de sheirbhísí socrúcháin oibre sheachtraigh i gcaitheamh tréimhse 3 mhí a sholáthar d'oibrithe a leagadh as a bpost i gcomhthéacs iomarcaíochtaí comhchoiteanna (60 uair an chloig i gcaitheamh 6 mhí i gcás oibrithe 45 bliana d'aois nó níos sine).

---

17 Le Forem. Le marché de l'emploi en Wallonie en 2025.

18 Sa Bheilg, tá trí thimthriall san oideachas meánscoile, a maireann gach ceann díobh 2 bhliain: An chéad timthriall (*secondaire de base*), an dara timthriall *(secondaire deuxième degré)*, agus an tríú timthriall (*secondaire troisième degré).*

19 Le Forem. Stats emploi.

20 Foraithne Ríoga (*Arrêté Royal*) an 10 Samhain 2006 lena leasaítear Foraithne Ríoga an 9 Márta 2006.

21 Le Forem.Teagmhas athstruchtúrúcháin: aonaid fostaíochta.

26. Déantar foráil le reachtaíocht réigiúnach na Vallúine[22] maidir le tacaíocht shonrach d'oibrithe iomarcacha, i bhfoirm *aonad ath-imlonnaithe (cellule de reconversion)*[23] a bhunaíonn an tSeirbhís Réigiúnach Fostaíochta Poiblí agus Gairmoiliúna (Le Forem), arna iarraidh sin d'eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibrithe. Ní oibleagáid ar an bhfostóir ná ar Le Forem é an t-aonad ath-imlonnaithe. Is trí aonad ath-imlonnaithe den sórt sin a dhéanfar cur chun feidhme na mbeart arna gcómhaoiniú ag CED a bhainistiú.

27. Maidir leis na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, thuairiscigh an Bheilg gur bunaíodh an t-aonad ath-imlonnaithe an 1 Deireadh Fómhair 2025, go gairid tar éis na chéad iomarcaíochtaí.

*Comhlántacht le gníomhaíochtaí atá á gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais*

28. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Bheilg nach bhfaighidh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais de bhreis air sin.

29. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, comhlánaítear gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta eile nó le cistí eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

30. Chuir an Bheilg in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, a n-ionadaithe, agus na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691.

31. Chun aistriú na n-oibrithe isteach i bhfostaíocht nua a éascú, tháinig Le Forem, na ceardchumainn (FGTB[24] agus CSC[25]), agus comhpháirtithe sóisialta eile le chéile an 29 Meán Fómhair 2025. Ba chuidiú é an cruinniú maidir le riachtanais athoiliúna na n-oibrithe a mheasúnú. Chuathas i gcomhairle freisin le sainchomhairleoirí sóisialta a thacaigh leis na hoibrithe tar éis a n-iomarcaíochtaí. Dá bharr sin, forbraíodh pacáiste comhordaithe de bhearta CED atá i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691.

**Na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu*

32. Meastar gurb é 1010 oibrí an líon oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas miondealú na n-oibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais:

22 Foraithne Rialtas na Vallúine an 29 Eanáir 2004, arna leasú le Foraithne an 30 Aibreán 2009.
23 Le Forem.Teagmhas athstruchtúrúcháin: aonaid ath-imlonnaithe.
24 Fédération générale du travail de Belgique.
25 Confédération des syndicats chrétiens

| | Catagóir | An líon tairbhithe a mheastar a bheidh ann | |
|---|---|---|---|
| Inscne: | Fir: | 472 | (46,7 %) |
| | Mná: | 538 | (53,3 %) |
| | Neamh-dhénártha | 0 | (0,0 %) |
| Aoisghrúpa: | Faoi bhun 30 bliain: | 44 | (4,4 %) |
| | 30-54 bliana: | 667 | (66,0 %) |
| | Os cionn 54 bliana: | 299 | (29,6 %) |
| Leibhéal oideachais | Oideachas meánscoile sóisearach, nó faoina bhun sin[26] | 120 | (11,9 %) |
| | Oideachas meánscoile sinsearach[27] nó oideachas iar-mheánscoile[28] | 741 | (73,4 %) |
| | Oideachas treasach[29] | 149 | (14,7 %) |

*Na bearta atá beartaithe*

33. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsantaithe atá le soláthar d’oibrithe iomarcacha:

– Socrúchán oibre seachtrach agus treoir ghairme: Bíonn na seirbhísí sin á soláthar ag foireann ina bhfuil comhairleoirí gairme a bhfuil speisialtóireacht acu i dteagmhais athstruchtúrúcháin, agus ag oibrithe tacaíochta sóisialta, a thógtar de ghnáth as measc ionadaithe fhostaithe na cuideachta. Tairgeann na comhairleoirí seirbhísí socrúcháin oibre sheachtraigh, treoir ghairme agus cúnamh um ath-imeascadh gairmiúil trí shainchomhairleoireacht duine aonair agus grúpaí agus trí sheisiúin chóitseála. San am céanna, cuidíonn na hoibrithe tacaíochta sóisialta maidir leis na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hathruithe ar stádas fostaíochta, agus cuidíonn siad freisin le creat comhchoiteann dlúthpháirtíochta i measc fostaithe a choinneáil ar bun.

– Deimhniú scileanna: Is féidir le hiarfhostaithe de chuid Cora deimhniú a gcuid scileanna a fháil tríd an gCuibhreannas um Bailíochtú Scileanna[30]. Reáchtálann an Cuibhreannas measúnuithe saincheaptha um bailíochtú bunaithe ar phróifílí agus ar riachtanais na n-oibrithe. Le deimhniú scileanna, cuidítear le hath-imeascadh san fhostaíocht a bhaint amach agus le luas a chur faoi, agus san am céanna, cumasaítear conairí oiliúna níos éifeachtaí.

– Oiliúint: Cuirfear oiliúint shonrach ar fáil chun freastal ar riachtanais shainaitheanta na n-oibrithe, tar éis tionscadail aonair a phróifíliú agus a chomhaontú leis na comhairleoirí gairme. Comhlánófar leis an oiliúint sin cláir

26 ISCED 0-2
27 ISCED 3
28 ISCED 4
29 ISCED 5-8
30 https://www.validationdescompetences.be/

chaighdeánacha oiliúna Le Forem agus cláir chaighdeánacha oiliúna a chomhpháirtithe. Tairgtear dhá mhodúl TF d'oibrithe mar oiliúint thrasnaí, arb é is aidhm dóibh an neamhspleáchas digiteach a fhorbairt agus a neartú.

– Tacaíocht chun gnólacht a chur ar bun: Tá an beart seo dírithe ar oibrithe ar mhian leo a bhfiontar féin a chur ar bun, agus áirítear leis céim dhiagnóiseach agus treoraíochta, gníomhaíochtaí ardaithe feasachta faoin bhfiontraíocht, seisiúin faisnéise faoi dheiseanna chun gnólacht a chruthú (ar bhonn anailísí eacnamaíocha críochacha), agus líonrú le fiontraithe seanbhunaithe agus le cóitseálaithe deimhnithe um chruthú gnólachtaí.

– Ranníocaíocht le gnólachtaí nuathionscanta: Na hoibrithe a thosaíonn gnólacht nó gníomhaíocht fhéinfhostaithe, gheobhaidh siad ranníocaíocht suas le EUR 15 000. Íocfar an ranníocaíocht ina dá thráthchuid, ar choinníoll go bhfíoraítear seoladh agus dul chun cinn na gníomhaíochta gnó trí dhoiciméid tacaíochta.

– Dreasachtaí agus liúntais: (1) Liúntais cuardaigh poist. Gheobhaidh oibrithe EUR 2 in aghaidh na huaire de rannpháirtíocht éifeachtach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist atá i dteideal an liúntais. (2) Liúntas chun dul ar ais ar scoil. Deonófar liúntas míosúil EUR 350 d'oibrithe a théann i mbun staidéar lánaimseartha meánscoile nó treasach, nó i mbun oiliúint cháilitheach, chun na scileanna riachtanacha a fháil le haghaidh poist a bhfuil éileamh orthu agus a bhfuil sé deacair daoine a earcú ina leith nó a bhfuil baint acu le feidhmeanna criticiúla[31]. (3) Liúntas chun gnólacht a chur ar bun. Chun tacú le hoibrithe agus iad ag bunú gnólachta, deonófar liúntas míosúil EUR 350 ar feadh 12 mhí ar a mhéad, nó suas le 18 mí faoi choinníollacha áirithe.

34. Leis an oiliúint atá ceaptha an neamhspleáchas digiteach a fhorbairt agus a neartú, lena gcomhlánaítear clár caighdeánach scileanna digiteacha Le Forem, mar aon le modúl faoin ngeilleagar ciorclach agus faoi úsáid éifeachtúil acmhainní, tacaítear le scaipeadh na scileanna atá fíor-riachtanach sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

Beidh an modúl maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus maidir le héifeachtúlacht acmhainní, a forbraíodh an chéad lá riamh le haghaidh iar-oibrithe Swissport (EGF/2020/005 BE)[32] anois ina chuid de thairiscint chaighdeánach oiliúna Le Forem, arna cómhaoiniú ag CSE+. Ní áirítear i mbuiséad an togra seo é dáiríre.

Comhlánaítear modúl an gheilleagair chiorclaigh le modúl maidir leis an ngeilleagar sóisialta, modúl a fhorbraítear freisin faoi chuimsiú chás CED[33].

35. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad atá laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

31 Liosta de phoist a bhfuil éileamh orthu agus a bhfuil sé deacair daoine a earcú ina leith nó a bhaineann le feidhmeanna criticiúla (« Métiers en tension de recrutement en Wallonie. Liste des métiers/fonctions critiques et en pénurie ». Le Forem 2025-2026).

32 COM(2021) 212.

33 EGF/2022/002 BE/TNT- COM(2023) 69

36. An fhaisnéis maidir le bearta atá éigeantach le haghaidh an fhiontair lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna, tá an fhaisnéis sin soláthartha ag an mBeilg. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, tá sé deimhnithe ag an mBeilg nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

*Buiséad measta*

37. Is é EUR 4 495 836 luach na gcostas measta iomlán, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 4 441 774 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 54 062 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

38. Is é EUR 3 821 460 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

39. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m) de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an Bheilg gurb iad Le Forem agus Cúige na Vallúine a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

| Bearta | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[34] | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[35] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691) | | | |
| Seirbhísí faisnéise, treoir ghairme agus cúnamh maidir le socrúchán oibre seachtrach (*reconversion: accompagnement/orientation/mobilisation)* | 1 010 | 2 860 | 2 874 558 |
| Deimhniú scileanna (*validation des compétences)* | 150 | 133 | 20 000 |
| Oiliúint agus athoiliúint (*formations et modules spécifiques)* | 500 | 937 | 468 800 |
| Tacaíocht chun gnólacht a chur ar bun (*accompagnement entrepreneuriat)* | 50 | 2 350 | 117 503 |
| Ranníocaíocht le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta *(bourse de lancement)* | 45 | 10 000 | 450 000 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 3 930 861<br>(88,50 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de | | | |

[34] Chun deachúlacha a sheachaint, déantar an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, áfach, agus tá an costas sin fós mar a shonraítear san iarratas a thíolaic an Bheilg.

[35] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) 2021/691) | | | |
| Dreasachtaí agus liúntais (*allocation de recherche d'emploi, allocation de reprise d'études, allocation d'entrepreneuriat)* | 1 005 | 508 | 510 913 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 510 913<br>(11,50 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691 | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 0 |
| 2. Bainistíocht | – | | 13 260 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 5 000 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 35 802 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 54 062<br>(1,20 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 4 495 836 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 % de na costais iomlána) | – | | 3 821 460 |

40. Costais na mbeart a shainaithnítear sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691, ní mó iad ná 35 % de chostais iomlána an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Bheilg go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, is é sin, nach mór do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

41. I gcomhréir le hAirteagal 7(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/691, dheimhnigh an Bheilg nach mbeidh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ó fhostaithe níos mó ná EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí.

*Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais*

42. An 1 Meán Fómhair 2025 thosaigh an Bheilg ar na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

43. An 9 Aibreán 2025, thosaigh an Bheilg ag tabhú an chaiteachas riaracháin i ndáil le CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe beidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 9 Aibreán 2025 go dtí 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

44. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, agus sonraítear sa tuairisc sin freagrachtaí

na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Bheilg fógra don Choimisiún gurb iad na comhlachtaí sin a bhainistíonn agus a rialaíonn CSE+ sa Vallúin a bheidh ag bainistiú agus ag rialú na ranníocaíochta airgeadais.

**Gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

45. Tá na dearbhuithe uile is gá maidir leis na nithe seo a leanas soláthartha ag an mBeilg:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh-idirdhealú a mhéid a bhaineann leis an rochtain ar na bearta atá beartaithe agus cur chun feidhme na mbeart sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

**Togra buiséadach**

46. Ní bheidh an CED níos airde ná uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[36].

47. Agus scrúdú déanta aige ar an iarratas i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/691, agus tar éis é an líon tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann an Coimisiún EUR 3 821 460 a shlógadh as CED, méid arb é 85 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.

48. An cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh é, de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691, agus mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[37].

**Gníomhartha gaolmhara**

49. An tráth céanna a thíolacfaidh an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh sé togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh EUR 3 821 460 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

50. An tráth céanna a ghlac an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, ghlac sé cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh

---

36 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

37 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[38]. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an t-aistriú buiséadach a fhormheas de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

[38] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

2026/0197 (BUD)

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2026/001 BE/Cora

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[39], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[40], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a chuirtear ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[41], agus in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 25 Márta 2026, thíolaic an Bheilg iarratas chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in Cora SA agus i soláthróir amháin sa Bheilg. Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an

---

[39] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

[40] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

[41] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh[42].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 3 821 460 a sholáthar i leith an iarratais a thíolaic an Bheilg.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2026, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 3 821 460 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*] .

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[42] COM(2026)155.
[*] Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú san Iris Oifigiúil.